Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7382/26**

**CDR 40**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar triúr comhaltaí agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. I litreacha dar dháta an 10 Samhain 2025[1], an 17 Nollaig 2025[2], an 6 Feabhra 2026[3], agus an 13 Feabhra 2026[4], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Francesco ACQUAROLI, comhalta de Choiste na Réigiún, agus Roberta ANGELILLI, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, ag éirí as oifig, agus go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Luciano Emilio CAVERI agus Luca ZAIA, comhaltaí de Choiste na Réigiún, agus Michele EMILIANO, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh iad.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

---

[1] 15243/25.
[2] 17003/25.
[3] 6161/26.
[4] 7343/26.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhaltaí a chur in ionad Francesco ACQUAROLI, Luciano Emilio CAVERI agus Luca ZAIA, mhol Rialtas na hIodáile[5] na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach: Roberta ANGELILLI, *Assessore della Regione Lazio* (Aire Réigiúnach Réigiún Lazio), Aurelio MARGUERETTAZ, *Consigliere regionale, Consiglio regionale della Valle d'Aosta* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Valle d'Aosta), agus Alberto STEFANI, *Presidente della Regione Veneto* (Uachtarán Réigiún Veneto), mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

4. Chomh maith leis sin agus chun comhaltaí a chur in ionad Roberta ANGELILLI agus Michele EMILIANO, mhol Rialtas na hIodáile[5] na hionadaithe seo a leanas, seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach: Francesco ACQUAROLI, *Presidente della Regione Marche* (Uachtarán Réigiún Marche), agus Antonio DECARO, *Presidente della Regione Puglia* (Uachtarán Réigiún Puglia), mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 7383/26 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[5] 7410/26.